Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Dúbailte (Modúlach)

## Orgánaigh Bheo agus Próisis na Beatha
## Triail Deireadh Modúil

**A** Bonnsraith

**[GDA01]**

GDA01

**DÉARDAOIN 19 BEALTAINE 2011, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **trí** cheist **déag**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

1 Sa tábla thíos, tá an meánfhuinneamh laethúil a bhíonn de dhíth ar fhireannaigh agus ar bhaineannaigh darb aoiseanna difriúla.

| **Fireannach** | | **Baineannach** | |
|---|---|---|---|
| **Aois/blianta** | **Fuinneamh atá de dhíth kJ/kg** | **Aois/blianta** | **Fuinneamh atá de dhíth kJ/kg** |
| 10 | 280 | 10 | 220 |
| 20 | 230 | 20 | 200 |
| 30 | 175 | 30 | 150 |
| 40 | 150 | 40 | 130 |

**(a)** Tá na figiúirí le haghaidh na bhfireannach breactha ar an ghraf thíos.

Breac na figiúirí le haghaidh na mbaineannach. Tarraing líne dhíreach le gach ceann de na pointí a cheangal.




[2]

**(b)** Úsáid an graf leis an fhuinneamh atá de dhíth ar bhaineannach 15 bliana d'aois a fháil.

_____________________ kJ/kg [1]

**(c)** Tá na riachtanais fuinnimh atá ag fireannach 10 mbliana d'aois níos airde ná na riachtanais fuinnimh atá ag fireannach 40 bliain d'aois. Cad chuige, dar leat?

_____________________________________________ [1]


Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

2 Taispeánann an léaráid córas eisfheartha an duine.




**(a)** Cé acu cuid, **A**, **B**, **C**, nó **D**, arb é an t-úiréadar é?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Ainmnigh struchtúr **E** a bhfuil scaoileadh fuail ón lamhnán á rialú aige.

_______________________________________________ [1]


**(c)** Is é an duán a rialaíonn leibhéal an uisce sa chorp. Cén t-ainm a bhíonn in úsáid le cur síos ar rialú cothromaíocht uisce?

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**3** Bíonn tionchar ag caitheamh toitíní ar shláinte an duine.



**(a)** Na ceimiceáin i dtoitíní agus an tionchar a bhíonn acu ar shláinte is ábhar don tábla thíos. Comhlánaigh an tábla.

| Ceimiceán | Tionchar ar an chorp |
|---|---|
| Tarra | |
| Nicitín | |
| | Díláthraíonn ocsaigin sna fuilchealla dearga. |

[3]

**(b)** Cad é a chiallaíonn caitheamh fulangach?

______________________________________________ [1]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**4** Taispeánann an léaráid thíos córas riospráide an duine.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Ainmnigh na matáin **A** sa léaráid thuas.

_______________________________________________ [1]

**(b) (i)** Is ailbheolas é struchtúr **B**.
Cad iad na struchtúir, nach bhfuil sa léaráid, atá thart timpeall na n-ailbheolas?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **dóigh** amháin eile (seachas na struchtúir seo a luaitear in **(i)** thuas) a bhfuil ailbheolais oiriúnaithe le gás a mhalartú go héifeachtúil.


_______________________________________________ [1]




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**5** Taispeánann an léaráid planda a bhí in úsáid ag daltaí le turgnamh a dhéanamh ar fhótaisintéis.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Cuir síos ar an dóigh a dtiocfadh leis na daltaí an stáirse uilig a bhaint amach as duilleoga an phlanda sula dtosaíonn siad ar an turgnamh.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Ainmnigh an gás a bhíonn in úsáid i bhfótaisintéis agus a bhíonn á ionsú ag an hiodrocsaíd photaisiam.

_______________________________________________ [1]

**(c)** I ndiaidh do na daltaí an planda a fhágáil faoi sholas ar feadh 24 uair an chloig, rinne siad tástáil stáirse ar dhuilleog A agus dhuilleog B.

**(i)** Cén tsubstaint a bhíonn in úsáid leis an tástáil stáirse a dhéanamh?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Leis an tábla thíos a chomhlánú, cuir isteach an dath a bheadh ar dhuilleog A agus ar dhuilleog B i ndeireadh an turgnaimh, i ndiaidh do na daltaí an tástáil stáirse a dhéanamh orthu.

| | **Dath i ndiaidh na tástála stáirse** |
|---|---|
| Duilleog A | |
| Duilleog B | |


[2]




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**6** Taispeánann an léaráid thíos na hartairí ar dhromchla an chroí. Is iad na hartaírí seo a iompraíonn fuil go dtí matán an chroí.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Ainmnigh an hartairí seo.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Ainmnigh an dá amhábhar le haghaidh riospráide i gcealla mhatán an chroí agus a bhíonn á n-iompar ag na hartairí seo.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(c)** Is féidir go mbeidh taom croí ag daoine má bhíonn na hartairí seo blocáilte. Luaigh dhá athrú is féidir le daoine a chur i bhfeidhm ar an stíl mhaireachtála acu le laghdú ar an bhaol go mbeidh taom croí acu.

1. ______________________________________


2. ______________________________________ [2]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**7** Taispeánann an léaráid cuid de fhréamh planda.




**(a)** Ainmnigh an tíopa cille atá lipéadaithe A.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Tá síneadh chill A ina chuidiú aici a feidhm a chur i gcrích. Mínigh cén dóigh.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(c)** Níl aon chlóraplaist ag na cealla sa léaráid. Cad chuige, dar leat?


_______________________________________________ [1]




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**8** Taispeánann an léaráid solas ó réad á fhócasú ag súil an duine.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Ainmnigh cuid A.

______________________________________________ [1]

**(b)** Cuir síos ar an dóigh a ndéantar an íomhá a fhócasú ar an reitine agus a chur ar aghaidh go dtí an inchinn.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________ [3]




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** Taispeánann an léaráid trasghearradh trí alt na huillinne.




**(a)** Agus an léaráid in úsáid agat, mínigh cad é a tharlóidh don dá mhatán nuair a ardaítear an lámh íochtarach.

______________________________________________________

______________________________________________________ [2]

**(b)** Cuirtear síos ar an bhícéips agus an tríchéips mar fhrithphéire matán. Mínigh cad chuige.


______________________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**10** Tá táirgeadh antasubstaintí ar cheann de na dóigheanna a dtéann an corp i ngleic le miocrorgánaigh ionraidh. Taispeánann an léaráid seicheamh na n-imeachtaí a tharlaíonn i ndiaidh don chorp na hantasubstaintí a tháirgeadh.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Is é struchtúr X ar an mhiocrorgánach atá ina chúis le táirgeadh na n-antasubstaintí. Ainmnigh é.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Mínigh cad é a tharlóidh don tom a thaispeántar sa léaráid.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(c)** I ndiaidh don chorp antasubstaintí a tháirgeadh, ní dócha go dtiocfaidh an galar céanna ar dhuine faoi dhó. Cad chuige, dar leat?


_______________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**11** Taispeánann an léaráid cuid de na próisis a bhíonn ag dul ar aghaidh sa stéig bheag i ndiaidh do dhuine béile a ithe.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Úsáid an léaráid leis na heinsímí E1 agus E2 a ainmniú.

E1 ______________________________

E2 ______________________________ [2]

**(b)** Ainmnigh substaint X.

______________________________ [1]

**(c)** Luaigh dóigh **amháin** (nach dtaispeántar ar an léaráid) a bhfuil an balla stéige oiriúnaithe le haghaidh ionsú.

______________________________ [1]





www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |
| | |

**12** Líon dalta feadánra Visking le tuaslagán siúcra agus ansin chuir sí in eascra uisce é.




Tá an feadánra páirt-tréscaoilteach.

Abair gur fhág an dalta an feadánra Visking san uisce ar feadh 24 uair an chloig. Úsáid an fhaisnéis sa léaráid le cur síos a dhéanamh agus le míniú a thabhairt ar cad é a tharlódh ansin.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [3]




www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**13** Chuir daltaí an turgnamh seo i dtreoir le fiosrúchán a dhéanamh ar mhalartú gáis.




Anseo thíos tá na hathruithe ar dhath an táscaire hidrigincharbónáite.

Corcra ← (Níos lú dé-ocsaíde carbóin) — Flannbhuí–dearg — (Níos mó dé-ocsaíde carbóin) → Buí

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

D’fhág na daltaí na feadáin faoi sholas geal ar feadh 10 n-uair an chloig.

Comhlánaigh an tábla thíos le torthaí an turgnaimh seo a lua agus a mhíniú.

| Feadán | Dath an táscaire hidrigincharbónáite | Míniú ar na torthaí |
|---|---|---|
| A | Flannbhuí dearg | Ní raibh orgánaigh bheo i láthair. Níor tharla fótaisintéis. Ní raibh riospráid ann. |
| B | | Duilleog faoi sholas. Úsáideann sí níos mó dé-ocsaíde carbóin i bhfótaisintéis ná mar a tháirgeann sí i riospráid. |
| C | | |
| D | Buí | |

[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers